Ollscoil Mhá Nuad
Ollscoil na hÉireann Má Nuad

# Ollscoil Mhá Nuad agus *tú féin*

**RÉAMHEOLAIRE FOCHÉIMITHE 2024**

# Ollscoil Mhá Nuad Tugtar tús áite

duitse

d'uaillmhianta
d'ionchais
do phaisin
do riachtanais
d'uathúlacht
do chumas

Tabhair cuairt ar ár réamheolaire chun teacht ar bhreis sonraí agus ar na nuashonruithe is déanaí

# FÁILTE AN UACHTARÁIN
# PRESIDENT'S WELCOME



*Mar Uachtarán Ollscoil Mhá Nuad tá ríméad orm go bhfuil sé ar intinn agat teacht anseo chun staidéar a dhéanamh linn.*

*Tá oideachas sármhaith i réimse leathan ábhar ar fáil in Ollscoil Mhá Nuad.*

*Is deis foghlama éisceachtúil é oideachas ollscoile óir bíonn tú in ann snas a chur ar do chuid smaointeoireachta, agus forbairt mar dhuine. Cuireann sé ar fáil duit an saineolas agus na scileanna a theastaíonn uait chun dul*

*i mbun oibre, an bunús don saol gairmiúil a bheidh agat agus an bunús do thodhchaí shaibhir amach anseo.*

*Táimid ag iarraidh go mbainfidh sibh an leas is mó agus is féidir as oideachas ollscoile. Táimid ag iarraidh go bhfoghlaimeoidh tú faoi na tuairimí is déanaí i d'ábhar roghnaithe féin, ach déanaimid tréanobair chomh maith chun go bhfoghlaimeoidh tú na scileanna intleachtúla a theastaíonn uait chun dul i mbun smaointeoireachta go criticiúil, chun anailís a dhéanamh ar chúrsaí casta, chun do chuid smaointe a chur in iúl go soiléir agus chun dul i*

*mbun oibre le daoine eile go héifeachtach. Tá saineolas ag athrú de shíor ach mairfidh na scileanna seo go deireadh an tsaoil.*

*Táimid ag iarraidh go mbeidh an deis agat do chuid spéiseanna agus cumas a leathnú amach, agus mar gheall air seo bíonn an deis tugtha againn daoibh modúil a dhéanamh taobh amuigh de do phríomhábhair, chun dul i mbun staidéir thar sáile agus chun taithí oibre phraiticiúil a bhaint amach duit féin.*

*Taobh amuigh de do chuid gníomhartha acadúla, in Ollscoil Mhá Nuad, beidh tú i do bhall denár gcampas bríomhar. Tá réimse éagsúil clubanna agus cumann ar fáil a thabharfaidh a lán deiseanna duit chun taitneamh a bhaint as spéiseanna taobh amuigh den churaclam, chun aithne a chur ar do chomhscoláirí agus chun caidrimh ar feadh do shaoil a fhorbairt.*

*Bíonn rath orainn nuair a bhíonn rath ort. Táimid an-bhródúil as ár gcuntas teiste maidir le tacaíocht a chur ar fáil do mhic léinn chun go mbeidís faoi bhláth agus chun gur féidir linn na féidearthachtaí i ngach aon mhac léinn a dhíghlasáil, go hacadúil agus go pearsanta ó thus go deireadh a n-aistir ollscoile.*

*Má tá ollscoil uait a chuirfidh dúshlán romhat, a thabharfaidh inspioráid duit agus a chumhachtóidh thú, is í Ollscoil Mhá Nuad an áit duitse.*

**As President of Maynooth University I'm delighted that you are considering studying with us.**

Maynooth University offers you an outstanding education in a wide range of subjects.

A university education is an extraordinary opportunity to learn, to refine your thinking, to acquire skills, and to

develop as a person. It provides the knowledge and skills for work, the foundation for your career and the basis for a fulfilling future.

We want you to get the most from your university education. We want you to learn the latest thinking in your chosen subject, but we also work hard to help you to develop the intellectual skills to think critically, analyse

complex issues, make good decisions, communicate your ideas clearly, and work well with others. Knowledge is always changing, but these skills will last a lifetime.

We want you to have the opportunity to broaden your interests and abilities, and so we provide the opportunity to take some modules outside of your core subjects, to study abroad, or to gain practical work experience.

Beyond your academic pursuits, at Maynooth University, you will be part of our vibrant campus. Our diverse range of clubs and societies offers you many opportunities

to enjoy extracurricular interests, engage with fellow students, and develop lifelong friendships.

Your success is our success. We pride ourselves on our track record of supporting students to thrive, unlocking their full potential academically and personally throughout their university journey.

If you are looking for a University that will challenge you, inspire you and empower you, Maynooth University is the place for you.

**Professor Eeva Leinonen**
President, Maynooth University

An tOllamh Eeva Leinonen
Uachtarán, Ollscoil Mhá Nuad

# AIMSIGH DO CHÉIM DE RÉIR CÓD CAO

| CÓD | CÉIM | LEATHANACH |
|---|---|---|
| **MH001** | BEd Baitsiléir Oideachais – Múinteoireacht Bhunscoile Froebel | |
| **MH002** | BEd Baitsiléir Oideachais – Múinteoireacht Bhunscoile Froebel (Iarratasóirí Gaeltachta) | |
| **MH003** | BA Luath-Óige – Teagasc agus Foghlaim (Lánaimseartha) | |
| **MH004** | BA Luath-Óige - Teagasc agus Foghlaim (Solúbtha) | |
| **MH101** | **Céim Baitsiléara Ealaíon in Ollscoil Mhá Nuad** | **14** |
| **MH103** | BMus Baitsiléir Ceoil | |
| **MH106** | BA Síceolaíocht | |
| **MH107** | BSocSc Baitsiléir san Eolaíocht Shóisialta | |
| **MH109** | BA Staidéar ar na Meáin | |
| **MH116** | BSocSc Obair Phobail agus Ógra (Lánaimseartha) | |
| **MH201** | **Céim Baitsiléara Eolaíochta in Ollscoil Mhá Nuad** | **16** |
| **MH202** | BSc Biteicneolaíocht | |
| **MH203** | BSc Eolaíochtaí Bitheacha agus Tíreolaíochta | |
| **MH204** | BSc Fisic le Réaltfhisic | |
| **MH206** | BSc Fisic Theoiriciúil agus Matamaitic | |
| **MH207** | BSc Eolaíocht Sonraí | |
| **MH208** | BSc Eolaíochtaí Bitheacha agus Bithleighis | |
| **MH209** | BSc Síceolaíocht (tríd an Eolaíocht) | |
| **MH210** | BSc Ceimic Chógaisíochta agus Bhithleighis | |
| **MH212** | **SED** BSc Eolaíocht (le hOideachas) | |
| **MH212** | **MCS** Matamaitic agus Ríomheolaíocht (le hOideachas) | |
| **MH212** | **MED** BSc Matamaitic (le hOideachas) | |
| **MH221** | **BSc** Eolaíocht Spóirt agus Sláinte **(NUA)** | |
| **MH222** | **BSc** Eolaíocht Bia agus Cothú an Duine **(NUA)** | |
| **MH304** | BE Baitsiléir Innealtóireachta Leictreonaí | |
| **MH305** | BSc Dearadh agus Nuálaíocht Táirgí | |
| **MH306** | BSc Róbataic agus Gléasanna Cliste | |
| **MH401** | BA Airgeadas | |
| **MH402** | BSc Airgeadas Cainníochtúil | |
| **MH403** | BA Cuntasaíocht agus Airgeadas | |
| **MH404** | **BMA** BBS/BBA Gnó agus Bainistíocht | |
| **MH404** | **INB** BBS/BBA Gnó Idirnáisiúnta | |
| **MH404** | **MKT** BBS/BBA Margaíocht | |
| **MH404** | **BGC/IGC/MGC** BBS/BBA Gnó agus Cultúir Dhomhanda | |
| **MH407** | BBS/BBA Gnó agus Cuntasaíocht | |
| **MH409** | BBA Gnó agus Teangacha | |
| **MH411** | BBS/BBA Fiontraíocht | |
| **MH412** | BSc/BBA Gnólacht le hEolaíocht Spóirt | |
| **MH415** | BSc Eacnamaíocht | |
| **MH416** | BA Eacnamaíocht Idirnáisiúnta | |
| **MH501** | Dlí (LLB) | |
| **MH502** | **LWA** BCL (Dlí agus Cuntasaíocht) | |
| **MH502** | **LWB** BCL (Dlí agus Gnó) | |
| **MH502** | **LWC** BCL (Dlí agus Coireolaíocht) | |
| **MH502** | **LWD** BCL (Dlí agus na hEalaíona) | |
| **MH503** | BCL (Dlí agus Teangacha) **(NUA)** | |
| **MH601** | **CSA** BSc Ríomheolaíocht agus Innealtóireacht Bogearraí (trí na hEalaíona) | |
| **MH601** | **MWA** BSc Ilmheáin, Forbairt Soghluaiste agus Gréasán (trí na hEalaíona) | |
| **MH602** | **CSA** BSc Ríomheolaíocht agus Innealtóireacht Bogearraí (tríd an Eolaíocht) | |
| **MH602** | **MWA** BSc Ilmheáin, Forbairt Soghluaiste agus Gréasán (tríd an Eolaíocht) | |
| **MH603** | BSc Smaointeoireacht Ríomhaireachtúil | |
| **MH803** | **BCS** BA Staidéar Áitiúil (páirtaimseartha, aibí amháin) | |
| **MH803** | **BLS** BA Local Studies (part-time, mature only) | |

**OPC (Rogha ar an iarratas CAO – rogha oscailte):** Is féidir leat OPC a roghnú ar d'iarratas CAO agus cinneadh a dhéanamh faoi do rogha srutha céime tar éis an t-iarratas a sheoladh.

Caithfidh tú na riachtanais íosta iontrála a shásamh do do rogha srutha. Tá siad ar fáil do na céimeanna seo a leanas:

**MH212**
**MH404**
**MH502**
**MH601**
**MH602**
**MH803**

**Scan mé le cuairt a thabhairt ar ár nAimsitheoir Cúrsa**

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT
# RIACHTANAIS ÍOSTA IONTRÁLA

| Cód CAO | Cód na Fo-rogha | Ainm na Céime | Pointí 2023 | Gaeilge | Béarla | Tríú Teanga | Matamaitic | Eolaíocht | Ábhair Eile |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| MH001 | | BEd Oideachas – Múinteoireacht Bhunscoile Froebel | 498 | H4 | O4/H7 | | O4/H7 | | 3 |
| MH002^ | | BEd Oideachas – Múinteoireacht Bhunscoile Froebel (Iarratasóirí Gaeltachta) | Tairiscintí ar bith | H3 | O4/H7 | | O4/H7 | | 3 |
| MH003 | | BA Luath-Óige - Teagasc agus Foghlaim (lánaimseartha) | 380 | P | P | | | | 4 |
| MH101 | | Céim Baitsiléara Ealaíon in Ollscoil Mhá Nuad | 310 | P | P | P | | | 3 |
| | | > Cuntasaíocht | | P | P | P | O4/H7[a] | | 3 |
| | | > Antraipeolaíocht | | P | P | P | | | 3 |
| | | > Gnó (Idirnáisiúnta) | | P | P | P | O4/H7[a] | | 3 |
| | | > Gnó (Bainistíocht) | | P | P | P | O4/H7[a] | | 3 |
| | | > Gnó (Margaíocht) | | P | P | P | O4/H7[a] | | 3 |
| | | > An Léann Síneach | | P | P | P | | | 3 |
| | | > Ríomheolaíocht | | P | P | P | O3/H7[a] | | 3 |
| | | > Coireolaíocht | | P | P | P | | | 3 |
| | | > Eacnamaíocht | | P | P | P | O4/H7[a] | | 3 |
| | | > Béarla | | P | P | P | | | 3 |
| | | > Airgeadas | | P | P | P | O4/H7a | | 3 |
| | | > Fraincis | | P | P | P | | | 3 |
| | | > Gaeilge \| Nua-Ghaeilge[b] | | H4 | P | P | | | 3 |
| | | > Tíreolaíocht | | P | P | P | | | 3 |
| | | > Gearmáinis | | P | P | P | | | 3 |
| | | > Sibhialtacht na Gréige agus na Róimhe | | P | P | P | | | 3 |
| | | > Stair | | P | P | P | | | 3 |
| | | > Forbairt Idirnáisiúnta | | P | P | P | | | 3 |
| | | > Dlí | | P | P | P | | | 3 |
| | | > Fisic Mhatamaiticiúil | | P | P | P | O3/H7[a] | | 3 |
| | | > Staidéar Matamaiticiúil | | P | P | P | O3/H7[a] | | 3 |
| | | > Matamaitic (Iomlán) | | P | P | P | H2[c] | | 2 |
| | | > Staidéar ar na Meáin agus Staidéar Cultúrtha | | P | P | P | | | 3 |
| | | Léann Ceilteach Meánaoiseach | | P | P | P | | | 3 |
| | | > Ceol[d] | | P | P | P | | | 3 |
| | | > Teicneolaíocht an Cheoil | | P | P | P | O3/H7[a] | | 3 |
| | | > Fealsúnacht | | P | P | P | | | 3 |
| | | > Polaitíocht | | P | P | P | | | 3 |
| | | > Staidéar Síceolaíochta | | P | P | P | | | 3 |
| | | > Socheolaíocht | | P | P | P | | | 3 |
| | | > Spáinnis | | P | P | P | | | 3 |
| | | > Staitistic | | P | P | P | O3/H7[a] | | 3 |
| MH103 | | BMus Ceol[¤] | # | P | P | P | | | 3 |
| MH106 | | BA Síceolaíocht | 533 | P | P | P | | | 3 |
| MH107 | | BSocSc Eolaíocht Shóisialta | 320 | P | P | P | | | 3 |
| MH109 | | BA Staidéar ar na Meáin | 377 | P | H5 | P | | | 3 |
| MH116 | | BSocSc Obair Phobail agus Ógra (Lánaimseartha)[¤] | # | P | P | P | | | 3 |

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT
# RIACHTANAIS ÍOSTA IONTRÁLA
## AR LEANÚINT

| Cód CAO | Cód na Fo-rogha | Ainm na Céime | Pointí 2023 | Gaeilge | Béarla | Tríú Teanga | Matamaitic | Eolaíocht | Ábhair Eile |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| MH201 | | Céim Baitsiléara Eolaíochta in Ollscoil Mhá Nuad | 350 | P | P | | O4/H7 | S M | 2 |
| | | > Bitheolaíocht | | P | P | | O4/H7 | S M | 2 |
| | | > Ceimic | | P | P | | O4/H7 | S M | 2 |
| | | > Ríomheolaíocht | | P | P | | O4/H7 | S M | 2 |
| | | > Eolaíocht Sonraí | | P | P | | O4/H7 | S M | 2 |
| | | > Eolaíocht Innealtóireachta | | P | P | | O4/H7 | S M | 2 |
| | | > Fisic Thurgnamhach | | P | P | | O4/H7 | S M | 2 |
| | | > Fisic Mhatamaiticiúil | | P | P | | O4/H7 | S M | 2 |
| | | > Matamaitic | | P | P | | O4/H7 | S M | 2 |
| | | > Staitistic | | P | P | | O4/H7 | S M | 2 |
| MH202 | | BSc Biteicneolaíocht | 431 | P | P | | O4/H7 | S | 2 |
| MH203 | | BSc Eolaíochtaí Bitheacha agus Tíreolaíochta | 441 | P | P | | O4/H7 | S[g] | 2 |
| MH204 | | BSc Fisic le Réaltfhisic | 376 | P | P | | O4/H7 | S M | 2 |
| MH206 | | BSc Fisic Theoiriciúil agus Matamaitic | 494 | P | P | | H2 | S M | 2 |
| MH207 | | BSc Eolaíocht Sonraí | 442 | P | P | | O1/H5 | S M | 2 |
| MH208 | | BSc Eolaíochtaí Bitheacha agus Bithleighis | 496 | P | P | | O4/H7 | S | 2 |
| MH209 | | BSc Síceolaíocht (tríd an Eolaíocht) | 499 | P | P | | O4/H7 | S | 2 |
| MH210 | | BSc Síceolaíocht (tríd an Eolaíocht) | 477 | P | P | | O4/H7 | S | 2 |
| MH212 • | SED | BSc Ceimic Chógaisíochta agus Bhithleighis | 420 | P | P | | O4/H7 | S M | 2 |
| | MCS | BSc Eolaíocht (le hOideachas) | 420 | P | P | | H4 | S M | 2 |
| | MED | BSc Matamaitic agus Ríomheolaíocht (le hOideachas) | 420 | P | P | | H4 | S M | 2 |
| MH221 | | BSc Eolaíocht Spóirt agus Sláinte **(NUA)** | N/C | P | P | | O4/H7 | S | 2 |
| MH222 | | BSc Eolaíocht Bia agus Cothú an Duine **(NUA)** | N/C | P | P | | O4/H7 | S | 2 |
| MH304 | | BE Innealtóireacht Leictreonach | 353 | P | P | | H4 ◊ | S M ‡ | 2 |
| MH305 | | BSc Dearadh agus Nuálaíocht Táirgí | 337 | P | P | | O3/H7 | S T | 2 |
| MH306 | | BSc Róbataic agus Gléasanna Cliste | 361 | P | P | | O3/H7 | | 3 |
| MH401 | | BA Airgeadas | 350 | P | P | | O4/H7 | | 3 |
| MH402 | | BSc Airgeadas Cainníochtúil | 454 | P | P | | O1/H5 | | 3 |
| MH403 | | BA Cuntasaíocht agus Airgeadas | 400 | P | P | | O4/H7 | | 3 |
| MH404 • | BMA | BBS/BBA Gnó agus Bainistíocht | 401 | P | P | | O4/H7 | | 3 |
| | INB | BBS/BBA Gnó Idirnáisiúnta | 401 | P | P | | O4/H7 | | 3 |
| | MKT | BBS/BBA Margaíocht | 401 | P | P | | O4/H7 | | 3 |
| | BGC | BBS/BBA Gnó agus Bainistíocht agus Cultúir Dhomhanda | 401 | P | P | | O4/H7 | | 3 |
| | IGC | BBS/BBA Gnó Idirnáisiúnta agus Cultúir Dhomhanda | 401 | P | P | | O4/H7 | | 3 |
| | MGC | BBS/BBA Margaíocht agus Cultúir Dhomhanda | 401 | P | P | | O4/H7 | | 3 |
| MH407 | | BBS/BBA Gnó agus Cuntasaíocht | 403 | P | P | | O4/H7 | | 3 |
| MH409 | | BBA Gnó agus Teangacha | 400 | P | P | | O4/H7 | | 3 |
| MH411 | | BBS/BBA Fiontraíocht | 350 | P | P | | O4/H7 | | 3 |
| MH412 | | BSc/BBA Gnó le hEolaíocht Spóirt | 489 | P | P | | O4/H7 | | 3 |
| MH415 | | BSc Eacnamaíocht | 487 | P | P | | O1/H5 | | 3 |
| MH416 | | BA Eacnamaíocht Idirnáisiúnta | 420 | P | P | | O4/H7 | | 3 |
| MH501 | | LLB Dlí | 462 | P | P | | | | 4 |
| MH502 • | LWA | BCL Dlí agus Cuntasaíocht | 432 | P | P | | O4/H7 | | 3 |
| | LWB | BCL Dlí agus Gnó | 432 | P | P | | O4/H7 | | 3 |
| | LWC | BCL Dlí agus Coireolaíocht | 432 | P | P | | | | 4 |
| | LWD | BCL Dlí agus Ealaíona | 432 | P | P | | | | 4 |

| Cód CAO | Cód na Fo-rogha | Ainm na Céime | Pointí 2023 | Gaeilge | Béarla | Tríú Teanga | Matamaitic | Eolaíocht | Ábhair Eile |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| MH503 | | BCL Dlí agus Teangacha **(NUA)** | N/C | P | P | | | | 4 |
| MH601 • | CSA | BSc Ríomheolaíocht agus Innealtóireacht Bogearraí (trí na hEalaíona) | 381 | P | P | | O3/H7 | | 3 |
| | MWA | BSc Ilmheáin, Forbairt Soghluaiste agus Gréasán (trí na hEalaíona) | 381 | P | P | | O3/H7 | | 3 |
| MH602 • | CSS | BSc Ríomheolaíocht agus Innealtóireacht Bogearraí (tríd an Eolaíocht) | 401 | P | P | | O3/H7 | | 3 |
| | MWS | BSc Ilmheáin, Forbairt Soghluaiste agus Gréasán (tríd an Eolaíocht) | 401 | P | P | | O3/H7 | | 3 |
| MH603 | | BSc Smaointeoireacht Ríomhaireachtúil | 532 | P | P | | H2 | | 3 |
| **Céimeanna Páirtaimseartha nó Solúbtha** | | | | | | | | | |
| MH004^^ | | BA Luath-Óige - Teagasc agus Foghlaim (solúbtha) | ^^ | | | | | | |
| MH803 • | | BA Staidéar Áitiúil nó Staidéar Pobail | Ÿ | | | | | | |
| | BLS | (páirtaimseartha, tráthnóna) - iarratasóirí aibí amháin, i.e. 21 bliain d'aois nó níos sine an 1 Eanáir 2024 | Ÿ | | | | | | |
| | BCS | BA i Staidéar Áitiúil | Ÿ | | | | | | |
| | | BA i Staidéar Pobail | | | | | | | |

a An grád a mholtar

b Níl aon sruth tosaitheora san ábhar seo – teastaíonn H4 san Ardteistiméireacht

c H2 i Matamaitic san Ardteistiméireacht nó a chomhionann ag

d H5 sa Cheol san Ardteistiméireacht nó a chomhionann ag teastáil

g Tá pas i dTíreolaíocht Ardteistiméireachta inghlactha mar ábhar eolaíochta

^ Teastaíonn cónaitheacht Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta

M Tá pas i Matamaitic Fheidhmeach san Ardteistiméireacht inghlactha mar ábhar

P Pas ag teastáil: O6 nó H7. Glactar le Matamaitic Bhonnleibhéil le haghaidh máithreánú (i.e. is féidir é a chur san áireamh mar cheann de na sé ábhar a theastaíonn - grád F6 nó níos airde), ach ní shásaíonn sé an riachtanas do chéimeanna inar riachtanas speisialta cláir í Matamaitic. Ní ghlactar le Gaeilge bhonnleibhéil le haghaidh máithreánú

S Ábhar eolaíochta O6 nó H7 (ceann amháin as Eolaíocht Talmhaíochta, Bitheolaíocht, Ceimic, Ríomheolaíocht, Fisic, nó Fisic le Ceimic)

T Tá pas san Innealtóireacht, Teicneolaíocht, Staidéar Foirgníochta, Matamaitic Fheidhmeach, Ríomheolaíocht nó Grafaic Dheartha agus Chumarsáide inghlactha in ionad ábhar eolaíochta

• OPC (Rogha ar an iarratas CAO – rogha oscailte): Is féidir leat OPC a roghnú ar d'iarratas CAO agus cinneadh a dhéanamh faoi do rogha srutha céime tar éis an t-iarratas a sheoladh. Caithfidh tú na riachtanais íosta iontrála a shásamh do do rogha srutha

‡ Is féidir pas i dTeicneolaíocht Ardteistiméireachta a chur in ionad ábhar eolaíochta

◊ Caithfidh ar a laghad 350 pointe a bheith ag iarratasóirí faoi 23 bhliain d'aois

# Cúrsa iarratas srianta. Déantar an roghnú do na cúrsaí iarratas srianta seo ar bhunús portfóilió/tástáil/éisteacht amháin nó meascán díobh agus caithfear aon riachtanais mháithreánacha a shásamh

¤ Roghnú trí mheasúnú agus/nó agallamh

* Rogha Fhánach - níor cuireadh áiteanna ar tairiscint do na hiarratasóirí go léir a raibh na pointí seo acu

^^ Déantar iarratais ar MH004 BA Luath-Óige - Teagasc agus Foghlaim (Solúbtha) ar an tairseach Réamhiontrála ar láithreán gréasáin na Lár-Oifige Iontrála (CAO). Teastaíonn leibhéal 6 DCCÉ, ar a laghad, in Oideachas agus Cúram Luath-Óige. Cuirfear MH004 ar siúl faoi réir líonta dóthanacha in 2024. Déanfar cinneadh faoi iontógáil Mheán Fómhair 2024 i mBealtaine 2024. Déan teagmháil leis an Roinn chun teacht ar bhreis sonraí

Ÿ Mic léinn aibí amháin (21 bl. d'aois an 1 Eanáir i mbliain na hiontrála)

C/N Cúrsa Nua

### NÓTA GINEARÁLTA MAIDIR LE: MÁITHREÁNÚ

1. Riachtanais iontrála íosta do gach céim (seachas MH001/MH002): caithfidh iarratasóirí 6 ábhar ina nArdteistiméireacht a chur i láthair, agus is iad na gráid íosta 2 H5 Ardleibhéil agus 4 O6/H7 Gnáthleibhéil nó Ardleibhéil, an Ghaeilge agus an Béarla san áireamh.
2. Is iad na riachtanais íosta do MH001 agus MH002 3 H5 Ardleibhéil, agus 3 O6 Gnáthleibhéil nó H7 Ardleibhéil. Is iad na riachtanais ábhair íosta H4 i nGaeilge (H3 ar a laghad ag teastáil ó MH002), O4/H7 i mBéarla agus O4/H7 i Matamaitic.
3. Glactar le Matamaitic Bhonnleibhéil le haghaidh máithreánú (i.e. is féidir é a chur san áireamh mar cheann de na sé ábhar a theastaíonn - grád F6 nó níos airde), ach ní shásaíonn sé an riachtanas do chéimeanna inar Riachtanas speisialta cláir í Matamaitic. Ní bhronntar pointí ar an ábhar seo.
4. Ní ghlactar le Gaeilge bhonnleibhéil le haghaidh máithreánú. Ní bhronntar pointí ar an ábhar seo.
5. Nascmhodúl Ghairmchlár na hArdteistiméireachta (GCAT)
   **Bronntar na marcanna seo a leanas:**
   > Pas le Gradam 66
   > Pas le Tuillteanas 46
   > Pas 28
6. Is féidir le hiarratasóirí na pointí a bronnadh orthu a úsáid do na Nascmhodúil mar cheann dá sé ábhar is fearr chun pointí a ríomh, ach ní cháilítear na Nascmhodúil mar ábhar ar mhaithe le cuspóirí riachtanais íosta iontrála.
7. Díolúine OÉ: Má lorg tú díolúine nó má tá díolúine á lorg agat ó riachtanais iontrála íosta, cosúil leis an nGaeilge (iarratasóirí in PÉ amháin) nó tríú teanga, caithfidh tú a chinntiú gur Díolúine OÉ oifigiúil é seo. Déan teagmháil leis an OÉ (www.nui.ie) chun teacht ar shonraí.

**www.mu.ie/level8**



# Ollscoil Mhá Nuad de réir *Líonta*

## 4,600+

**IARRATAS CÉADROGHA CAO IN 2023**

## OMN SAN 85Ú HÁIT SA RANGÚ DOMHANDA OLLSCOILEANNA ÓGA AGUS #1 IN ÉIRINN

**ARDÚ 21 ÁIT TUGTHA D'OLLSCOIL MHÁ NUAD GO DTÍ AN 85Ú HÁIT I RANGÚ OLLSCOILEANNA ÓGA ARDOIDEACHAIS 2023 THE TIMES. TÁ OLLSCOIL MHÁ NUAD SA CHÉAD ÁIT GO FÓILL MAR AN OLLSCOIL ÓG IS FEARR IN ÉIRINN.**

## 92%

**DE CHÉIMITHE MHÁ NUAD FOSTAITHE NÓ AG TABHAIRT FAOI STAIDÉAR/OILIÚINT BHREISE**

Idir ríomhchláraitheoirí agus mhúinteoirí, idir eolaithe agus iriseoirí, tugann céimithe ó Ollscoil Mhá Nuad faoi réimse fairsing gairmeacha beatha. Suirbhé ar Thorthaí Céimithe 2022.

## AN ROGHA CAO IS COITIANTA

### CÚRSA 1Ú ROGHA

Tá Céim Baitsiléara Ealaíon in Ollscoil Mhá Nuad MH101 i measc na gcúrsaí is minice céadrogha ar an bhfoirm CAO ar feadh roinnt blianta, agus faightear an méid is mó iarratais chéadrogha di.



## ATMAISFÉAR AN CHAMPAIS

Áit í Ollscoil Mhá Nuad ina bhfuil codarsnachtaí bríomhara – is institiúid nua-aimseartha í agus tá sí dinimiciúil, ag fás go mear, faoi stiúir taighde agus tiomanta – ach tá sí fréamhaithe go daingean i láidreachtaí acadúla stairiúla agus i dtraidisiúin léannta mar sin féin.

**TÁ ARDMHÉADÚ TAGTHA AR ROLLÚ MIC LÉINN Ó 4,000 IN 1997 GO BREIS AGUS 15,770 MAC LÉINN INNIU**

**13,400**
**AN LÍON MIC LÉINN FOCHÉIME**

**2,370**
**AN LÍON MIC LÉINN IARCHÉIME**

**23%**
**DE NA MIC LÉINN UILE I SEILBH SAORÁNACHT IDIRNÁISIÚNTA**

## OLLSCOIL ATÁ CEANGAILTE GO DOMHANDA

**TÁ AN DEIS AG FORMHÓR NA MAC LÉINN STAIDÉAR A DHÉANAMH THAR LEAR AR FEADH BLIAIN ACADÚIL IOMLÁN, AGUS CÉIM IDIRNÁISIÚNTA A BHAINT AMACH, NÓ AR FEADH SEIMEASTAIR.**

## ÉAGSÚLACHT

> Mic léinn faoi mhíchumas iad 20% de na hiontrálaithe nua chuig ár mbunchéimeanna

> Mic léinn lánfhásta iad 4% de na hiontrálaithe nua

> Tá 11% de mhic léinn ó chúlra faoi mhíbhuntáiste

(is féidir leis na próifílí seo a chéile a thrasnú)

## CURACLAM SOLÚBTHA UATHÚIL

Cuireann ár gcuraclam atá solúbtha go huathúil, a tugadh isteach i Meán Fómhair 2016, deiseanna ar fáil do mhic léinn deiseanna clár a gcéime a phearsantú i rith a gcuid ama linn.

## Ollscoil Mhá Nuad

# An Baile Ollscoile is Sine in Éirinn










Táimid lonnaithe i gcroílár an bhaile ollscoile is sine in Éirinn díreach 25 ciliméadar ó chathair Bhaile Átha Cliath. Tá oidhreacht shaibhir agus áilleacht Chill Dara mórthimpeall orainn agus tá gach rud a theastódh uait sa bhaile ollscoile seo laistigh d’fhad siúil.











# AN GHAEILGE SAN OLLSCOIL
# IRISH IN THE UNIVERSITY




**TÁ POBAL BRÍOMHAR GAEILGE ANSEO IN OLLSCOIL MHÁ NUAD.**

Cuirimid ócáidí ar siúl ar an gcampas go rialta do chainteoirí Gaeilge agus do dhaoine a bhfuil spéis acu sa teanga. Bíonn an-tóir ag mic léinn agus ag baill foirne ar ár ranganna Gaeilge. Tá Cuallacht Cholmcille, Cumann Gaelach na hOllscoile, ar cheann de na cumainn is mó agus is rathúla ar an gcampas.

**THERE IS A VIBRANT IRISH LANGUAGE COMMUNITY HERE IN MAYNOOTH UNIVERSITY.**

We hold regular events on campus for Irish language speakers and for those with an interest in the Irish language. Our Irish language classes are very popular amongst students and staff. Cuallacht Cholmcille, the University’s Irish language society, is one of the largest and most successful societies on campus.

### OIFIG NA GAEILGE oifig.nagaeilge@mu.ie

Tacaíonn Oifig na Gaeilge le húsáid na Gaeilge i measc na foirne agus na mac léinn. Má tá spéis agat sa Ghaeilge, bí linn agus tapaigh na deiseanna atá ar fáil anseo! Lean Oifig na Gaeilge ar na meáin shóisialta le teacht ar an nuacht agus ar na hócáidí is déanaí:

**/ @OnaGaeilgeMU**
**@OnaGaeilgeMU**

### OIFIGEACH NA GAEILGE AONTAS NA MAC LÉINN (AML)

Cuireann Oifigeach Gaeilge AML an Ghaeilge chun cinn i measc mhic léinn na hOllscoile **gaeilge@msu.ie**

### AN CUMANN GAELACH

Spreagann Cuallacht Cholmcille úsáid na Gaeilge ar an gcampas trí imeachtaí agus trí fheachtais éagsúla. Lean an Chuallacht ar na meáin shóisialta:

**/ @CuallachtMaNuad**
**@Cuallacht**
**Cuallachtnag**

### SEOMRA NA GAEILGE, FOIRGNEAMH NA nEALAÍON

Spás sóisialta do chainteoirí Gaeilge.

### SCÉIM CHÓNAITHE

Cuirtear seomraí in árasáin ar an gcampas thuaidh ar fáil dóibh siúd a bhfuil spéis acu an Ghaeilge a úsáid agus a chur chun cinn ar an gcampas. Le haghaidh tuilleadh eolais, déan teagmháil le **oifig.nagaeilge@mu.ie**

### RANGANNA GAEILGE (ILASP)

Cuirtear ranganna Gaeilge, ag leibhéil éagsúla, ar fáil do mhic léinn (mic léinn idirnáisiúnta san áireamh). Bíonn an deis ag rannpháirtithe scrúdú Gaeilge TEG (Teastas Eorpach na Gaeilge) a dhéanamh agus cáilíocht phroifisiúnta a fháil, rud a chuireann le deiseanna fostaíochta san earnáil phoiblí, in earnáil an oideachais agus eile. Tuilleadh eolais ó **teanga@mu.ie**

### COISTE NA GAEILGE

Oibríonn an coiste ar mhaithe le cur chun cinn na Gaeilge in obair laethúil na hOllscoile.
**coistenagaeilge@mu.ie**

### IRISH LANGUAGE OFFICE oifig.nagaeilge@mu.ie

The Irish Language Office supports the use of the Irish language among staff and students. If you have an interest in Irish, join us and make the most of the opportunities available here! Follow the Irish Language Office on social media for the latest news and events:

**/ @OnaGaeilgeMU**
**@OnaGaeilgeMU**

### SU IRISH LANGUAGE OFFICER

The Students' Union Irish Language Officer promotes Irish among the student body **gaeilge@msu.ie**

### IRISH LANGUAGE SOCIETY

Cuallacht Cholmcille promotes the use of Irish through various events and campaigns.
Follow them on social media:

**/ @CuallachtMaNuad**
**@Cuallacht**
**Cuallachtnag**

### IRISH LANGUAGE ROOM, ARTS BUILDING

A social space for Irish language speakers.

### IRISH LANGUAGE RESIDENCY SCHEME

Rooms in apartments on the north campus are available to those who wish to speak and promote Irish on campus.
For further information, please contact:
**oifig.nagaeilge@mu.ie**

### IRISH LANGUAGE CLASSES (ILASP)

Irish language classes, at various levels, are available to students (including international students). Participants have the option of taking a TEG (Teastas Eorpach na Gaeilge) examination and getting a recognised qualification in the Irish Language, which enhances graduates' employability in the public sector, in education and in many other areas. Email **teanga@mu.ie** for further information.

### IRISH LANGUAGE COMMITTEE

The committee works to promote the use of Irish in the day-to-day affairs of the University.
**coistenagaeilge@mu.ie**

# OLLSCOIL MHÁ NUAD
# SCOLÁIREACHTAÍ

Cuirimid réimse scoláireachtaí acadúla agus spóirt ar fáil dár mic léinn.



An tOllamh Eeava Leinonen, Uachartán Ollscoil Mhá Nuad, sa phictiúr le roinnt dár Scoláirí Iontrála 2022

## SCOLÁIREACHT IONTRÁLA

Bronntar an Scoláireacht Iontrála €1,000 go huathoibríoch ar mhic léinn nua na chéad bhliana, tríd an CAO, a bhain 575 pointe nó níos mó amach san Ardteistiméireacht (ó shé ábhar i scrúduithe bliana amháin). I gcás mic léinn a rinne A-leibhéil GCE, bunaítear na dámhachtainí ar phointí a bhaint amach ó thrí/cheithre ábhar in A-leibhéil GCE.

Tá an rogha ag Scoláirí Iontrála cónaí ar an gcampas (gearrtar na gnáth-tháillí). Déanfar cóiríocht ar an gcampas a thairiscint do scoláirí iontrála nár chuir a gcóiríocht ar an gcampas in áirithe cheana féin i rith thairiscintí Bhabhta 1 den CAO. Ní féidir leis an Ollscoil, ar an drochuair, áiteanna cóiríochta a thairiscint i mBabhta 2 nó i mbabhtaí ina dhiaidh sin do Scoláirí Iontrála, mar gheall go ndéantar iad seo a chur in áirithe go hiomlán i mBabhta 1 gach bliain.

## SCOLÁIREACHT IONTRÁLA DO MH103 BAITSILÉIR CEOIL

Tá an Scoláireacht Iontrála do MH103 Baitsiléir Ceoil d'iontrálaí amháin chuig an gcéim a thosófar i Meán Fómhair 2024. Déanfar an scoláireacht €1,000 a thairiscint don iarratasóir a bhaineann an scór is airde amach, bunaithe ar chianmheasúnú MH103. Cuirtear an t-iarratasóir rathúil ar an eolas tar éis clárú.

## SCOLÁIREACHT INNEALTÓIREACHTA NUA
## SCOLÁIREACHT INNEALTÓIREACHTA W.A. BARRETT

Bunaíodh Scoláireacht W.A. Barrett san Innealtóireacht ag Ollscoil Mhá Nuad in 2023 a bhuíochas le flaithiúlacht Earthridge International agus mhuintir Barrett le William Anthony (Tony) Barrett, nach maireann, a chomóradh.

Cuirtear €3,000 ar fáil sa scoláireacht do mhic léinn incháilithe na chéad bhliana atá ag tabhairt faoi chúrsa Leibhéal 8 atá creidiúnaithe ag Institiúid Innealtóirí na hÉireann. Tagraíonn seo do MH304 amháin ag tráth an chlóite, déan teagmháil le electronic.engineering@mu.ie chun teacht ar nuashonruithe. Bíonn dhá scoláireacht ar fáil do mhic léinn chláraithe chéad bhliana gach bliain. Tabhair cuairt ar an suíomh gréasáin chun teacht ar bhreis sonraí.

**www.maynoothuniversity.ie/scholarships**

## SCOLÁIREACHT CHEOIL

Déanann Ceann Roinn Cheoil Ollscoil Mhá Nuad Scoláireacht Cheoil fochéime amháin a bhronnadh gach bliain. Tá an scoláireacht seo do mhic léinn Cheoil reatha agus bunaítear í ar na torthaí a bhain siad amach sa chéad bhliain.

## MIC LÉINN FAOI MHÍBHUNTÁISTE SOCHEACNAMAÍOCH AGUS FAOI MHÍCHUMAS

Tá roinnt scoláireachtaí agus sparánachtaí ar fáil do mhic léinn a mb'fhéidir nach mbeidh in ann freastal ar oideachas tríú leibhéal de ghnáth mar gheall ar a bheith faoi mhíbhuntáiste mór socheacnamaíoch nó faoi mhíchumas.

**www.maynoothuniversity.ie/access-office**

## SCOLÁIREACHTAÍ SPÓIRT

Cuirimid cláir scoláireachta spóirt ar fáil in CLG, rugbaí, galf, snúcar agus sacar. Is féidir breithniú a dhéanamh ar spóirt eile aitheanta faoin gclár scoláireachta do rannpháirtithe a théann san iomaíocht ar leibhéal an-ard, e.g. lúthchleasaithe a bhfuil cárta acu. Tabhair cuairt ar an suíomh gréasáin chun teacht ar bhreis sonraí faoi Scoláireachtaí Spóirt.

## SCOLÁIREACHT OLLSCOILE TEARMAINN

Ainmníodh OMN go hoifigiúil mar Ollscoil Tearmainn (UoS) i bhFeabhra 2020 mar aitheantas ar a tionscnaimh le cultúr fáilte a chur chun cinn do dhídeanaithe, iarrthóirí tearmainn agus imircigh eile isteach i bpobal na hollscoile. Tionscnamh de chuid Ollscoil Tearmainn Éireann (UoSI) é an Gradam Tearmainn le dea-chleachtas ollscoileanna, coláistí agus institiúidí a spreagadh agus a cheiliúradh i dtaobh dídeanaithe, iarrthóirí tearmainn agus imircigh eile a fháiltiú isteach ina bpobail ollscoile agus cultúr ionchuimsithe a chothú dóibh siúd go léir a bhfuil tearmann á lorg acu.

Tá mar aidhm ag an nGradam an cultúr fáilte seo a scaipeadh i measc na n-institiúidí ardoideachais fud fad an oileáin.

Más spéis leat eolas breise a fháil, déan teagmháil, le do thoil, le **sanctuary@mu.ie**





**Chun teacht ar bhreis sonraí, féach www.maynoothuniversity.ie/scholarships**

# CÉIM BAITSILÉARA EALAÍON IN

Mir
**1**

**Cód CAO: MH101 Pointí 2023: 310**

| **Ábhair ar fáil sa chéim BA:** |
|---|
| Cuntasaíocht |
| Antraipeolaíocht |
| Gnó (Idirnáisiúnta) |
| Gnó (Bainistíocht) |
| Gnó (Margaíocht) |
| An Léann Síneach |
| Ríomheolaíocht |
| Coireolaíocht |
| Eacnamaíocht |
| Béarla |
| Airgeadais |
| Fraincis |
| Gaeilge \| Nua-Ghaeilge |
| Tíreolaíocht |
| Gearmáinis |
| Sibhialtacht na Gréige agus na Róimhe |
| Stair |
| Forbairt Idirnáisiúnta |
| Dlí |
| Fisic Mhatamaiticiúil |
| Staidéar Matamaiticiúil |
| Matamaitic (Iomlán) |
| Staidéar ar na Meáin agus Staidéar Cultúrtha |
| Léann Ceilteach Meánaoiseach |
| Ceol |
| Teicneolaíocht an Cheoil |
| Fealsúnacht |
| Polaitíocht |
| Staidéar Síceolaíochta |
| Socheolaíocht |
| Spáinnis |
| Staitistic |

# Céim Baitsiléara Ealaíon in Ollscoil Mhá Nuad
## Cód CAO: **MH101** | Pointí CAO 2023: **310**

**Pointí CAO 2023:** 310
**Réimse Pointí CAO 2022:** 336-625
**Áiteanna 2023:** 1750
**Fad:** 3 bliana (4 bliana má roghnaítear Erasmus/Staidéar Thar Lear)

**Erasmus/Rogha Staidéir Thar Lear:** Tá
**Iarratasóirí Aibí:** Féach an suíomh gréasáin
Iarratasóirí an RA, an AE agus Idirnáisiúnta: Féach an suíomh gréasáin
**Nasc DCCÉ:** Féach an suíomh gréasáin

**Ardteistiméireacht:** Ardteistiméireacht: 2H5 & 4O6/H7, Gaeilge, Béarla agus 3ú teanga
(Grád íosta H5 in dhá ábhar agus grád íosta O6/H7 sna ceithre ábhar eile. O6/H7 i nGaeilge, Béarla agus tríú teanga, ar a laghad)

Tá riachtanais iontrála bhreise íosta Ardteistiméireachta ag na hábhair BA seo:

- Matamaitic (Iomlán): **H2 Matamaitic**
- Ceol: **H5 Ceol**
- Nua-Ghaeilge: **H4 Gaeilge**

Molaimid do na hábhair BA seo gur bhain mic léinn have na gráid seo a leanas, ar a laghad, amach ina nArdteistiméireacht:

- Cuntasaíocht, Gnó (Idirnáisiúnta), Gnó (Bainistíocht), Gnó (Margaíocht), Eacnamaíocht, Airgeadais: **O4/H7 Matamaitic**
- Ríomheolaíocht, Fisic Mhatamaiticiúil, Staidéar Matamaiticiúil, Teicneolaíocht an Cheoil, Staitistic: **O3/H7A Matamaitic**
- An Léann Síneach, Fraincis, Gearmáinis, Spáinnis: Cé nach bhfuil aon riachtanas íosta iontrála ann le staidéar a dhéanamh ar na teangacha seo ar leibhéal neamhthosaitheora, molaimid go ginearálta gur baineadh **H4 ar leibhéal Ardteistiméireachta** amach.

Gach ábhar BA eile - ní theastaíonn aon eolas roimh ré.

## MH101: CÚRSA CÉADROGHA AN CAO

**Tá Céim Baitsiléara Ealaíon in Ollscoil Mhá Nuad MH101 i measc na gcúrsaí céadrogha ar an bhfoirm CAO ar feadh roinnt blianta, agus faightear an méid is mó iarratais chéadrogha di.**

Trí céim BA i Má Nuad a roghnú, cuirtear réimse fairsing ábhar suimiúil ar fáil duit. Tá na céadta meascáin ábhar ar fáil agus ní gá duit aon chinneadh a dhéanamh faoi do roghanna ábhar go dtí go bhfuil triail bainte agat as a mhéid díobh agus is mian leat i rith na chéad cheithre seachtaine den chéad bhliain.

- Tabharfar an deis duit eolas sonrach ábhair agus scileanna inaistrithe a fháil, cosúil le scileanna sóisialta, anailíseacha agus bainistíochta agus an deis go ndéanfar céimí dea-oilte BA díot atá réidh do ghairm bheatha agus ullamh d'fhostaíocht agus do staidéar breise in Éirinn nó thar lear.

**Léargas Ginearálta ar MH101** (féach an suíomh gréasáin chun teacht ar bhreis sonraí faoin struchtúr)

| An 1ú Bhliain | An 2ra Bliain agus Bhliain Dheireanach | An 2ra Bliain agus an Bhliain Dheireanach | Staidéar Iarchéime |
|---|---|---|---|
| **MH101<br>Céim Baitsiléara Ealaíon** | **Leanúint ar aghaidh in Mh101** | **Roghanna Aistrithe (ag brath ar do roghanna ábhar agus gráid sa 1ú bhliain)** | **Roghanna a bhfuil Tóir orthu ag Má Nuad** |
| > 32 ábhar i 6 ghrúpa<br>> Roghnaigh 2, 3 nó 4 ábhar (1 an grúpa, ar a mhéid)<br>> Tugtar 4 sheachtain duit le cinneadh a dhéanamh<br>> Tá Scileanna Breithiúnacha ar fáil le gach meascán ábhar<br>> Is féidir athruithe a | > Rogha Dhá Mhórábhar: staidéar cothrom ar dhá ábhar<br>> Rogha Aon Mhórábhar: staidéar ar ábhar amháin<br>> Rogha Mórábhair/Mionábhair: staidéar níos mó ar ábhar amháin agus níos lú ar ábhar eile | > Rogha le haistriú isteach i gceann amháin de réimse fairsing sainchéimeanna i gcuntasaíocht, gnó, eacnamaíocht, airgeadas, ríomheolaíocht, dlí | > Máistreacht Ghairmiúil san Oideachas - Bunmhúinteoireacht / Múinteoireacht Mheánscoile<br>> Cúrsaí Máistreachta Athghairme (nuair nach ndearna tú staidéar ar an limistéar ábhair i do chéad céim)<br>> Roghanna iarchéime sa disciplín ar a ndearnadh staidéar ar leibhéal fochéime |

Sonraí faoi ábhair atá ar fáil agus ar roghanna dul chun cinn **www.mu.ie/level8**

# CÉIM BAITSILÉARA EOLAÍOCHTA IN OLLSCOIL MHÁ NUAD

Mir
2

**Cód CAO:** MH201 **Pointí CAO 2023:** 350

| **Ábhair ar fáil sa chéim BSc:** |
|---|
| Bitheolaíocht |
| Ceimic |
| Ríomheolaíocht |
| Eolaíocht Sonraí[1] |
| Eolaíocht Innealtóireachta |
| Fisic Thurgnamhach |
| Fisic Mhatamaiticiúil |
| Matamaitic |
| Statistic[2] |

[1] I mBliain 1

[2] Ó mBliain 2

**MAR MAC LÉINN EOLAÍOCHTA, RÍOMHEOLAÍOCHTA NÓ INNEALTÓIREACHTA OLLSCOIL MHÁ NUAD, BEIDH AN DEIS AGAT SCILEANNA LÁIDRE FADHBRÉITIGH AGUS ANAILÍSEACHA A FHORBAIRT, ANUAS AR ARDSCILEANNA OBAIR BHUÍNE, CEANNAIREACHTA AGUS UIMHEARTHACHTA – A CHUIRTEAR ARDLUACH ORTHU UILE IN GO LEOR EARNÁLACHA DEN MHARGADH SAOTHAIR.**

# MH201 Céim Baitsiléara Eolaíochta

## Cód CAO: **MH201** | Pointí CAO 2023: **350**

**Cód CAO:** MH201
**Pointí CAO 2023:** 350
**Réimse Pointí CAO 2022:** 400-625
**Áiteanna 2023:** 250
**Fad:** 4 bliana

**Erasmus/Rogha Staidéir Thar Lear:** Ag brath ar áiteanna a bheith ar fáil
**Iarratasóirí Aibí:** Tabhair cuairt ar an suíomh gréasáin
**Iarratasóirí an RA, an AE agus Idirnáisiúnta:** Tabhair cuairt ar an suíomh gréasáin
**Nasc DCCÉ:** Tabhair cuairt ar an suíomh gréasáin
**Rogha Socrúcháin:** Níl

**Riachtanais Íosta Iontrála Ardteistiméireachta:** 2H5 agus 4O6/H7, O6/H7 Gaeilge, Béarla agus ábhar Eolaíochta (i.e. Eolaíocht Talmhaíochta, Matamaitic Fheidhmeach, Bitheolaíocht, Ceimic, Ríomheolaíocht, Fisic, nó Fisic le Ceimic) agus O4/H7 Matamaitic.

### Tá baint ag Dámh na hEolaíochta agus na hInnealtóireachta ag Ollscoil Mhá Nuad in go leor limistéir shuimiúla agus dhinimiciúla thaighde.

1. Tugtar le chéile sa Roinn Bhitheolaíochta grúpaí saineolaithe ó dhisciplíní éagsúla: Imdhíoneolaíocht, Éabhlóid, Bitheolaíocht Ríomhaireachtúil agus Géineolaíocht, Bithcheimic agus Bitheolaíocht Chomhshaoil.
2. Áirítear le taighde sa Roinn Cheimice Ceimic Orgánach, Chógaisíochta agus Mhíochaine, Bithfhisice, Eolaíocht na nÁbhar, Braiteoirí, Ceimic Inbhuanaithe, agus Ceimic Neamhorgánach.
3. Cuirtear clár gníomhach taighde ar siúl sa Roinn Ríomheolaíochta ar Computer Vision Group, Samhaltú Cognaíoch Ríomhaireachtúil, Taighde Oideachais Ríomheolaíochta, Prionsabail an Ríomhchláraithe, Callan Institute, GeoComputation, Grúpa Teoirice Faisnéise Ríomhaireachtúla agus an Grúpa Taighde ar Theicneolaíocht an Cheoil.
4. Tá baint ag an Roinn Innealtóireachta Leictreonaí le taighde ar Innealtóireacht Bhithleighis, Dinimic agus Rialú, Róbataic, Cumarsáid Raidió agus gan Sreang, agus an tIonad um Thaighde ar Fhuinneamh an Aigéin.
5. Tugtar faoi thaighde sa Roinn Fisice Turgnamhaí i limistéir éagsúla fisice turgnamhaí, réaltfhisice agus réalteolaíochta, Optaic Spáis Teiriheirts, Réalteolaíocht Chian-Infridhearg, Cosmeolaíocht, Ríomhaireacht Teiriheirts, Foirmiú Réaltaí agus Pláinéad, Fisic Mhóilíneach, Fisic Chomhshaoil agus Atmaisféarach san áireamh.
6. Tá pobal láidir taighde sa Roinn Mhatamaitice agus Staitisticí atá bainteach sna limistéir thaighde seo: Ailgéabar agus Uimhirtheoiric, Anailís Gheoiméadrach, Matoideachas, Staitisticí.
7. Timpeallacht uathúil agus dhinimiciúil le haghaidh taighde í an Roinn Síceolaíochta, Síceolaíocht Athshlánúcháin, Mhíchumais agus Sláinte, Meabhairshláinte, Síceolaíocht Phobail agus Dhearfach, Néareolaíocht, Iompar agus Eagraíochtaí, Córais agus Beartas san áireamh.
8. Cuireann an Roinn Fisice Teoiriciúla timpeallacht oscailte agus idirnáisiúnta ar fáil do thaighde. I measc na n-ábhar, tá: Faisnéis agus Ríomh Candamach, Fisic Ábhair Chomhdhlúite agus Céimeanna Toipeolaíocha Ábhair, Fisic Cáithníní agus Réimsetheoiric Chandamach, Coibhneasacht agus Cosmeolaíocht Ghinearálta, Stair agus Fealsúnacht na Fisice, agus Geoiméadracht agus Struchtúir Ailgéabracha i bhFisic Theoiriciúil.

### Struchtúr na Céime Baitsiléara Eolaíochta in Ollscoil Mhá Nuad

> Ceithre ábhair sa 1ú bhliain, Matamaitic ina measc. Roghnaíonn mic léinn trí ábhar eolaíochta eile ó na seacht n-ábhar eile: Bitheolaíocht, Ceimic, Ríomheolaíocht, Eolaíocht Sonraí, Eolaíocht Innealtóireachta, Fisic Thurgnamhach, Fisic Mhatamaiticiúil. Teorainneacha ar ábhair i gceist - féach an suíomh gréasáin do shonraí.

> Ní gá aon chinneadh a dhéanamh faoi rogha ábhar go dtí ceithre seachtaine tar éis gur tosaíodh an 1ú bhliain. Tugann seo an deis duit triail a bhaint as ábhair éagsúla agus cinneadh feasach a dhéanamh.

> An 2ra bliain - leantar le trí cinn de na hábhair a rinne tú sa 1ú bhliain nó cúrsa Roghnach nó Scileanna Criticiúla (chun teacht ar bhreis eolais faoi chúrsaí Roghnacha nó Scileanna Criticiúla – féach an suíomh gréasáin).

> An 3ú bliain - leantar ar aghaidh le dhá ábhar.

> An 4ú bliain - leantar ar aghaidh le hábhar nó dhá ábhar.

Tabhair cuairt ar an suíomh gréasáin chun teacht ar shonraí breise faoi struchtúr MH201 agus na deiseanna aistrithe tar éis an 1ú bhliana isteach i sainchéimeanna eolaíochta ag OMN.

### Conairí gairme do chéimithe MH201:

**Ag brath ar na hábhair a roghnaíodh (agus ar speisialú féideartha breise), áirítear le róil do chéimithe MH201, ach níl siad teoranta dóibh:**

- Imdhíoneolaí
- Meitéareolaí
- Innealtóir Bithleighis
- Cosmeolaí
- Speisialtóir Géiniteach
- Eolaí Sonraí
- Oideachasóir Eolaíochta
- Speisialtóir Sláinte Domhanda
- Zó-Eolaí
- Luibheolaí
- Ceimiceoir
- Eolaí Ríomhaireachta
- Cripteagrafaí
- Staitisteoir
- >Gníomhaí Timpeallachta
- Réaltfhisiceoir
- Fisiceoir
- Lia Míochaine
- Matamaiticeoir
- Cumarsáid Eolaíochta

### B'fhéidir go dtaitneodh seo leat freisin

Cuirimid réimse sainchéimeanna ríomhaireachta, innealtóireachta agus eolaíochta ar fáil. Féach an suíomh gréasáin.

### Déan teagmháil linn

Oifig Iontrálacha Ollscoil Mhá Nuad, Teach na nDaonnachtaí,
An Campas Theas
+ 353 1 708 3822
admissions@mu.ie
www.mu.ie/level8

@MaynoothCAO

# EOLAS AN IARRATAIS


## TABHAIR CUAIRT AR AN SUÍOMH GRÉASÁIN DO NA SONRAÍ GO LÉIR FAOI IARRATAS A DHÉANAMH







# AG CUR ISTEACH AR OLLSCOIL MHÁ NUAD

IONTRÁIL LÁMHLEABHAR CAO OLLSCOIL MHÁ NUAD 2024
IARRATASÓIRÍ ARDTEISTIMÉIREACHTA
IARRATASÓIRÍ ÓNA DTEASTAÍONN TACAÍOCHTAÍ BREISE
DÍOLÚINTÍ OÉ
IARRATASÓIRÍ MIC LÉINN LÁNFHÁSTA  IARRATASÓIRÍ DCCÉ
IARRATASÓIRÍ AR ARD-DIOPLÓMA NÁISIÚNTA BTEC
IARRATASÓIRÍ AN RA, AN AE AGUS IDIRNÁISIÚNTA
CUR SIAR, AISTRIÚ AGUS MIC LÉINN ÓCÁIDEACHA AE  PLEANÁIL
DO BHLIAIN ACADÚIL 2024-2025
LIOSTA FOLÁIREAMH AGUS DÁTAÍ TÁBHACHTACHA




| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Siopa Apple | 8 | Teach Geata | 1 | Músaem | 13 |
| Foirgneamh na nEalaíon | 33 | Teach na nDaonnachtaí | 22 | Seomraí agus Saotharlann Cheoil | 6 |
| Fortheach na nEalaíon | 34 | Iontas | 48 | An Teach Nua | 27 |
| Aula Maxima | 29 | Áras John Hume | 49 | Bialann Phoenix | 37 |
| Auxilia | 52 | Leabharlann Eoin Pól II | 31 | Teach Cumhachta | 17 |
| Áras na hEolaíochta Bithí agus na hInnealtóireachta Leictreonaí | 35 | Otharlann na Sóisear | 11 | Stiúideonna Dearaidh Táirgí | 42 |
| Séipéal an Choláiste | 19 | Teach Láithreach Briúin | 55 | Halla Pugin | 16 |
| Áras Cholm Cille | 30 | Hallaí Loftus | 12 | Halla Renehan | 16 |
| Árasán an Chlóis | 41 | Fortheach na Loighice | 7 | Fortheach na Reitrice | 3 |
| Naíolann | 47 | Teach na Loighice | 5 | Teach na Reitrice | 4 |
| Teach Dhún Búinne | 20 | An Pasáiste Fada | 24 | Árasáin na hAbhann | 43 |
| Teach an Oideachais | 54 | Teach Laidhrín | 28 | Lóiste Riverstown | 2 |
| Eolas | 40 | Lóiste MAP (an Oifig Rochtana) | 50 | Teach na gCaorthann | 53 |
| | | MCCA - Comhdháil agus Cóiríocht | 23 | Leabharlann an Ruiséalaigh | 14 |
| | | | | Halla agus Árasáin na Rí | 46 |




| | |
|---|---|
| Scoil Oideachais | 57 |
| Foirgneamh na hEolaíochta | 32 |
| Coimpléasc Spóirt | 38 |
| Áras Chaitríona | 56 |
| Cearnóg Sheosaimh | 21 |
| Teach Mhuire | 15 |
| Teach Phádraig | 18 |
| Teach Stoyte | 25 |
| Seirbhísí na Mac Léinn | 51 |
| Lárionad Aontas na Mac Léinn | 36 |
| Oifig an Sparánaí Na Faighneoga | 45 |
| Foirgneamh T.S.I. Trócaire | 60 |
| Árasáin an tSráidbhaile | 59 |
| | 26 |
| | 44 |

Ó thaobh páirceála de, tá meascán 60 de spásanna ar champas do mhic léinn, do bhaill foirne agus do chuairteoirí. Seiceáil, le do thoil, www.maynoothuniversity.ie/location do shonraí faoi shrianta.

# IMEACHTAÍ FOCHÉIME 2023–2024

| IMEACHT | DÁTA |
|---|---|
| **Lá Eolais do Threoirchomhairleoirí – ar an gcampas agus go fíorúil** | Dé Máirt, an 10 Meán Fómhair 2024 |
| **Laethanta Oscailte na Samhna** | Dé hAoine, an 25 Samhain 2023 Dé Sathairn, an 25 Samhain 2023 |
| **Tráthnóna Eolais CAO** | Dé Céadaoin, an 10 Eanáir 2024 |
| **Lá Oscailte an Earraigh** | Dé Sathairn, an 27 Aibreán 2024 |
| **Lá Oscailte an tSamhraidh** | Dé Sathairn, an 29 Meitheamh 2024 |
| **Turais ar an gCampas** | Tabhair cuairt ar **www.mu.ie/campustour** |
| **Idirchaidreamh le Scoileanna** | Cuirimid réimse imeachtaí eolais i bpearsan agus fíorúla ar fáil dár gcomhpháirtithe oideachais |

Chun teacht ar shonraí faoi láithreacha agus amanna na n-imeachtaí fochéime uile, caith súil ar **www.mu.ie/undergradevents**

**cuir ceist ar chomhrá gréasáin**

**cuir ceist ar mhac léinn**

**tabhairt cuairt ar ár laethanta oscailte**

**Le freagra a fháil ar do cheisteanna go léir faoi chéim leibhéal 8 CAO agus Mhá Nuad, tabhair cuairt ar: www.mu.ie/level8**

**Oifig Iontrálacha Ollscoil Mhá Nuad**
Teach na nDaonnachtaí, An Campas Theas, Maigh Nuad, Contae Chill Dara, Éire, W23 X021

+ 353 1 708 3822
admissions@mu.ie
www.mu.ie/level8

**@MaynoothCAO**